☸An Lúibín☸

5 Bealtaine 2012

An Ghaeilge agus a scéal

B'fhiú do Ghaeilgeoir ar bith féachaint ar *Scéal na Gaeilge*, leagan greannmhar cliste de stair na teanga ar TG4. Baintear feidhm as cartúin bheoga aite, agus Allan Titley, údar, scoláire agus Corcaíoch líofa, ag déanamh tráchtaireachta. Tá dhá eipeasóid ar fáil cheana ag:

http://www.tg4.ie/en/tg4-player/tg4-player.html?id=1516022521001&title=Sc%C3%A9al+na+Gaeilge

Is trua nach bhfeicfidh an oiread sin Béarlóirí é, ós beag duine acu a mbeadh eolas cruinn nó leathchruinn féin aige ar stair na teanga, agus bhainfidís sult as an tsraith seo. Féach air agus mol é.

♦❖♦❖♦❖♦

Ruaraidh Mac Thòmais, 1921-2012

Bhí Ruaraidh Mac Thòmais (Derek S. Thomson) ar scolàirí móra Gàidhlig a linne, ach is mó an cháil a bhí air mar fhile. Rugadh é i Steòrnabhagh ar Oileán Leòdhais in Inse Ghall sa bhliain 1921 agus tógadh le Gàidhlig é. (Bhí a athair ina fhile traidisiúnta.) Chuaigh Ruaraidh chun Ollscoil Obar Dheathain, áit a ndearna sé staidéar ar Ghàidhlig agus ar Bhéarla, agus chuaigh sé san Aerfhórsa Ríoga sa Dara Cogadh Domhanda. Síleadh gurbh ábhar oifigigh é de barr a chuid oideachais, ach dhiúltaigh sé don onóir. (Dúirt sé san agallamh, más fíor, go raibh teanga iasachta aige – Béarla – agus go raibh tír iasachta amháin feicthe aige – Sasana.)

Lean sé air i mbun léinn tar éis an chogaidh, agus chríochnaigh sé mar Ollamh le Léann Ceilteach in Olscoil Ghlaschú. Agus rinne sé rud a raibh fíorthábhacht leis: an iris Ghàidhlig *Gairm* a bhunú sa bhliain 1952. Foilsíodh filíocht agus prós, agus ní raibh aon scríbhneoir nótáilte Gàidhlig nach raibh a shaothar le feiceáil ann. Sa bhliain 1958 rinneadh foilsitheoir leabhar de *Gairm* chomh maith. D'fhoilsigh Mac Thòmais féin dhá leabhar an-tábhachtach: *An Introduction to Gaelic Poetry* agus *The Companion to Gaelic Scotland*.

Thar aon rud eile b'fhile é agus a lán dánta breátha foilsithe aige. Cé gur as muintir thraidisiúnta a fáisceadh é chuaigh sé leis an nua-aoiseachas, ar nós filí eile den ghlúin sin - Iain Mac a' Gobhainn, Somhairle Mac Gill-Eain, Deorsa Mac Iain Deorsa agus Domhnaill Mac Amhlaigh. Mar a deir sé siúd i réamhrá le *Nua-Bhàrdachd Ghàidhlig* (1976): 'Tha iad air fás dá-chulturach agus 'se an suidheachadh sa – fear anbarrach corrach – a tha a' riochdachadh an teannais as a bheil móran de'n chuid bàrdachd a' tighinn' (*Tá siad ag éirí dáchultúrtha agus is é an scéal seo – ceann thar a bheith corrach – atá ag cumadh an teannais a dtagann mórán dá gcuid filíochta as*.)

Cuimhníonn sé ar an mbuairt agus ar an mbaol a cheiltear faoi screamh an tsaoil, agus baineann sé feidhm as íomhánna an dúlra agus an tseansaoil chun a bhraistint a chur in iúl: am bainte an fhéir, am ceana agus díomá:

> Dh'fhàg mi beagan ri bhuain am màireach,
> is choisich sinn comhla eadar na ràthan:
> thuit thu air speal bha fear eile air fhàgail,
> is ghearradh do chneas, is dhiùlt e shlànadh. (*Achadh-Bhuana*)
>
> *D'fhág mé beagán le baint amárach agus shiúlamar le chéile idir na sraitheanna: thit tú ar speal a d'fhág duine eile, agus gearradh do chneas, agus dhiúltaigh sé slánú.*

Cuimhníonn sé freisin ar an áit ar tógadh é, ach machnamh é a dhéantar i bhfianaise na staire agus an tsaoil eile úd nach féidir leis (agus nach mian leis) a thréigean. Tá draíocht ag baint leis an áit dhúchais, ach draíocht í a thagann chuige trí thaithí eile. Tá na hainmneacha ina liodán binn aige:

> Mùirneag an toiseach Òg-mhìos,
> Is Mèalaiseal is Mòinteach Shuardail… (*Leannan M'Òige*)

Ach ní féidir leis gan machnamh a dhéanamh ar an treascairt a rinne an nua-aoiseachas ar an ndúchas seanfhréamhaithe: an taibhse préachán isteach chun a phobail, ag scaipeadh na gcártaí, ag cur na scéalta agus na n-amhrán ina dtost:

> Ach cha do dh'fhàg e falamh sinn:
> Thug e òran nuadh dhuinn,
> Is sgeulachdan na h-àird an Ear,
> Is sprùilleach de dh'fheallsanachd Geneva,
> Is sguab e 'n teine á meadhon an làir
> 's chuir e 'n tùrlach loisgeach nar broillichean. (*Am Bodach-Ròcais*)
>
> *Ach níor fhág sé folamh sinn: thug sé amhrán nua dúinn agus scéalta an Oirthir, agus blúirí d'fhealsúnacht na Ginéive, agus scuab sé an tine as meán an urláir agus chuir sé tine chnámh loisceanta inár mbrollaigh.*

♦❖♦❖♦❖♦

Faillí stáit

Seo Coimisinéir Teanga na hÉireann ag gearán agus an phraiseach ar fud na mias. Tá a thuarascáil déanta aige, agus is léir nach bhfuil rath ar an nGaeilge sa rannóg phoiblí. Níl scéimeanna teanga á mbeartú agus tá sé chomh deacair is a bhí riamh freagra a fháil ó státseirbhíseach in aon teanga seachas i mBéarla. Fiú na rudaí a bhí le déanamh de réir na seanscéimeanna níor cuireadh a bhformhór i bhfeidhm. Níl Ranna Stáit ag tabhairt marcanna bónais as inniúlacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon ach do dhaoine a bhain amach na céimeanna deiridh sna comórtais.

Le linn na bliana phléigh Oifig an Choimisinéara Teanga le 734 gearán nua faoina dheacra a bhí sé seirbhísí stáit a fháil trí Ghaeilge. Daoine ó áiteanna lasmuigh den Ghaeltacht (ó Bhaile Átha Cliath go háirithe) is mó a bhí míshásta.

B'fhéidir go ndéanfaí fiosrú ar an scéal. Is deacair a shamhlú faoi láthair go bhfuasclódh sin na fadhbanna, agus is é is dóichí go raibh na polaiteoirí ag súil le rath nárbh fhéidir a bhaint amach leis an bPlean 20 Bliain.

♦❖♦❖♦❖♦

Cúrsaí na hEorpa

Focal isteach

Is gearr ó fuaireamar scéala ó Phádraig Mac Fhearghusa, eagarthóir *Feasta*, gníomhaí agus file. Bhí sé ag plé shuímh ghréasáin an Aontais Eorpaigh agus na dteangacha a bhfuil le fáil ann. Tugann 40 milliún duine sa mhí cuairt ar na suímh sin, agus sholáthair Pádraig graf (féach thíos) a thaispeánann méid na dteachtaireachtaí a tháinig isteach i míonna Eanáir is Feabhra 2012 (*mt* = Máltais agus *ga* = Gaeilge).

Mar a deir sé, cuid suntais is ea na figiúirí faoin nGaeilge agus faoin Máltais: cúig theachtaireacht a tháinig isteach i nGaeilge agus fiche ceann i Máltais sa dá mhí sin. Is amhlaidh a úsáidtear figiúirí mar sin chun dáileadh foirne a shocrú sa Choimisiún.

Tá Pádraig ag iarraidh daoine a spreagadh chun féachaint ar shuímh ghréasáin an Aontais Eorpaigh agus ríomhphost a chur isteach chucu anois is arís, mar gur mór a chabhróidh sin le neartú na Gaeilge sna hinstitiúidí Eorpacha.



Ag fás suas san AE

Scéala ó Coiscéim (www.coisceim.ie) faoin Aontas Eorpach agus an tAontas sin i gcruachás: comórtas úr dar teideal 'GLÚIN 1992.EU' (Generation 1992.eu). Tá an t-eolas á scaipeadh i dhá theanga is fiche, ach níl an Ghaeilge orthu.

Más duine thú den ghlúin a rugadh san AE sa bhliain, táthar ag iarraidh ort físeáin, grianghraif, cartúin, aistí nó aipeanna fóin a chur isteach faoin gciall a bhaineann do ghlúin as margadh aonair an AE. 9 Meán Fómhair an sprioc. Mar a deirtear san fhógra, is é an margadh céanna a chuireann ar chumas daoine taisteal, staidéar, obair, maireachtáil agus siopadóireacht a dhéanamh gan stró in aon tír den Aontas. Sáraíodh na céadta bacainn theicniúil, dhlíthiúil agus mhaorlathach, cuireadh borradh faoin ngeilleagar agus cruthaíodh beagnach dhá mhilliún post nua.

Iarrtar ort aird a thabhairt ar na rudaí a leanas: oideachas agus saoránacht, poist agus fiontraíocht, cultúr agus fóillíocht, tomhaltóirí agus an comhshaol. Breis eolais:

http://generation1992.eu/en/participation/about_competition.

B'fhéidir go ndéarfadh na Gréagaigh faoi láthair gurb é an tairbhe is mó a bhainfidís as an AE post shocair a fháil sa Ghearmáin agus cúl a thabhairt ar an bpraiseach sa bhaile. Tá neart Éireannach ag tabhairt a n-aghaidhe ar an Astráil – níl a ndóthain teangacha acu, is dócha, chun dul sa seans san Eoraip.

An Domhan

Na hAlabhaítigh agus an tSiria

Ba é an t-achrann atá ar siúl sa tSiria is túisce a tharraing aird an domhain ar na hAlabhaítigh, seict a d'eascair ón ngnáth-Ioslamachas agus a dtugann a stair léargas ar an dílseacht threibheach agus na gréasáin phátrúnachta a bhfuil tábhacht ar leith leo sa Mhéan-Oirthear agus sna réigiúin máguaird. Ní ábhar iontais í an tsuim a chuireann scoláirí éigin nótáilte (Malise Ruthven, mar shampla) iontu.

Níl sna hAlabhaítigh ach 12% de phobal na tíre agus scar siad ó na Siaigh os cionn míle bliain ó shin. Roimh an 20ú haois thugtaí *muintir Nusayr* orthu, ó ba é Ibn Nusayr an fear a bhunaigh iad agus é ina chónaí san Iaráic sa 9ú haois. Tháinig siad le chéile sna sléibhte os cionn Latakia ar an gcósta idir an Tuirc agus an Liobáin (mar atá siad anois) agus shaothraigh creideamh a bhí (más fíor do Ruthven agus dá leithéidí) ina mheascán den Nua-Phlatónachas,[1] den Ghnóisíocht,[2] den Chríostaíocht, den Ioslamachas agus den Sóróstarachas.[3] Ba é Abdullah al-Khasibi (a cailleadh sa bhliain 957) a bpríomhdhiagaí, agus dúirt sé go raibh diacht ag roinnt le hAli, gaol agus cliamhain le Muhamad Fáidh agus duine a dtugann na gnáthShiaigh ómós dó, cé nach n-adhraíonn siad é.

Leithéid a lán Siach a tháinig faoi anáil an Ghnóisíochais, creideann siad go seoltar eolas agus críonnacht trí abhatáir dhiaga. Tháinig na habhatáir sin ar an saol as diaidh a chéile, agus orthu siúd tá Críost, Mahamad Fáidh, Sócraitéas, Plátón, Gailéan agus roinnt maistrí Peirseacha réamh-Ioslamacha.

Tá an rúndacht nó *taqiyya* mar chosaint ag na hAlabhaítigh – an ceart chun a bhfíorchreideamh a cheilt ar an domhan ar eagla na géarleanúna. Tá córas casta ionadachta acu agus abairtí sainiúla mar chuid de, agus déantar a ndeasghnátha sa bhaile nó i áiteanna uaigneacha. Tá rian soiléir na Críostaíochta ar a gcreideamh – tá tábhacht le tríonóid, tá an príomhdheasghnáth (an *Qurban*) an-chosúil leis an Aifreann, agus fógraítear sa *Quddas* (paidir fhada) gur i Naomh Peadar, bunaitheoir na Críostaíochta, atá an fíor-Ioslamachas le fáil. Ar nós na nDrúsach, creideann na hAlabhaítigh san athchollúchas: téann anamacha drochdhaoine isteach in ainmhithe salacha ar nós muc agus madraí agus téann anamacha na bhfíréan isteach i gcorp níos foirfe. Is féidir, ar ndóigh, a leithéid a mhíniú mar shamhail nó mheafar, mar bhealach chun dul amach ar an bhfírinne.

Neartaigh sé sin go léir an dlúthchomhar treibheach nó teaghlaigh a bhí mar bhunús riamh leis an gcumhacht sa Mheán-Oirthear. Le linn na nOtamánach ní raibh sna hAlabhaítigh ach mionlach achrannach a ruaig na hIosmálaigh ('eiricigh' eile) d'ardáin na Siria. Nuair a shealbhaigh na Francaigh an tSiria tar éis an Chéad Chogadh Domhanda dúirt na hAlabhaítigh leo féin go raibh a ndíonadóirí tagtha, agus fuair a lán acu oiliúint mhíleata sna *Troupes Spéciales du Levant*. Nuair a bhain an tSiria neamhpleáchas amach sa bhliain 1946 ba mhór an tairbhe dóibh an t-eolas míleata. Chuaigh cuid acu san arm agus cuid eile i bpáirtithe tuata. Ba shuaite an tréimhse í, agus tháinig eagla ar na hAlabhaítigh go raibh na Sunnaígh (an dream ba líonmhaire) ag éirí róláidir. De bharr roinnt *coups d'état* tháinig Hafez al-Assad, ofigeach Alabhaíteach, i gcumhacht sa bhliain 1970, agus mac leis, Bashar al-Assad (fear a rinne staidéar i Sasana), atá faoi réim anois.

Dhá thaobh atá ar an scéal seo. Is fada rialtas Assad ag cur lucht freasúra faoi chois gan trócaire, fiú roimh an gcogadh atá anois ann; ach bhí sé go maith riamh chun mionlaigh na tíre a chosaint (na hAlabhaítigh ina measc, ar ndóigh), rud is cúis, mórán, le héagsúlacht iontach na tíre. Ní cinnte go dtiocfadh an t-ilchultúrachas úd slán ó threascairt an rialtais, agus sin é an fáth go bhfuil an oiread sin Críostaithe agus eile ag seasamh le hAssad go fóill, cuma pé anbhuain a bheadh orthu de dheasca an áir.

Is beag duine a déarfadh faoi láthair gur féidir leis an rialtas teacht slán, agus is dóigh leis an dá thaobh gur comhrac go himirt anama atá ann. Is é an rialtas an dream is míthrócairí, ach tá roinnt rudaí gránna déanta ag an bhfreasúra freisin, agus scata fear fiáin ag teacht thar teorainn isteach, b'fhéidir, chun buille breise a bhualadh ar Assad. Aithníonn na hAlabhaítigh (agus ní dream fuilteach iad go léir) an chontúirt. D'éirigh le muintir Assad réimeas a bhunú a bhí brathadóirí agus spiairí fite fuaite ann, agus eagla ar dhaoine an rud a bhí ar a n-intinn a rá. Anois tá rudaí á rá go neamhbhalbh ag an bhfreasúra, ach tá siad scaipthe agus neamhaontaithe. Daoine óga oilte is ea mórán acu, ach níl tancanna ná gunnaí móra acu, agus tá fóraí an rialtais ag plancadh an phobail thall is abhus. Ní mór a rá gur scéal casta é ar a lán slite – tá an-éagsúlacht ag roinnt leis an tír féin, leis an bhfreasúra, le cuspóirí an phobail (agus níl gach duine i gcoinne Assad). Ach tá deireadh de shaghas éigin tagtha.

Le léamh:

Ruthven, Malise (1997). *Islam : A Very Short Introduction*. Oxford University Press.

[1] Deir an Nua-Phlatónachas gurb í buaic na beatha an t-Aon Mhaith, foinse gach ruda, agus gur féidir leis an anam é féin a aontú leis an Aon Mhaith sin trí dhianmhachnamh agus dhea-iompar.

[2] Deir an Ghnóisíocht go bhfuil Foinse Ilchumhachtach amháin ann ach gur iomaí neach neamhfhoirfe atá idir siúd agus sinn féin agus go bhfuil an saol seo lochtach ó nádúr.

[3] Deir an Sóróstarachas go bhfuil Cruthaitheoir amháin (Ahura Mazda) ann, neach nach bhfuil aon donas ann. Bíonn an t-Olcas (fórsa ainrialta ó áit eile) ag iarraidh an Mhaith a scrios.

'Storm over Syria,' Malise Ruthven, *The Australian Financial Review*, 17/6/11.

Allen, Brooke (2011). *The Other Side of the Mirror: An America Travels Through Syria*. Paul Dry.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to **rianach@optusnet.com.au** .*

Leaganacha simplithe

Ruaraidh Mac Thòmais, 1921-2012

File Gàidhlig agus scoláire mór ba Ruaraidh Mac Thòmais. Rugadh é ar Oileán Leòdhais[4] in Inse Ghall[5] sa bhliain 1921 agus tógadh le Gàidhlig é. Bhí a athair ina fhile traidisiúnta. Chuaigh Ruaraidh chun Ollscoil Obar Dheathain,[6] áit a ndearna sé staidéar ar Ghàidhlig agus Bhéarla, agus chuaigh sé san Aerfhórsa Ríoga sa Dara Cogadh Domhanda. Síleadh gurbh ábhar oifigigh[7] é de barr a chuid oideachais, ach dhiúltaigh sé don phost. (Dúirt sé san agallamh, más fíor, go raibh teanga iasachta amháin aige – Béarla – agus go raibh tír iasachta amháin feicthe aige – Sasana.)

Lean sé air ag déanamh staidéir tar éis an chogaidh, agus rinneadh[8] Ollamh le Léann Ceilteach de in Olscoil Ghlaschú. Bhunaigh sé an iris Ghàidhlig *Gairm* sa bhliain 1952. Thug sin spreagadh mór do scríbhneoirí Gàidhlig. D'fhoilsigh Mac Thòmais féin dhá leabhar an-tábhachtacha: *An Introduction to Gaelic Poetry* agus *The Companion to Gaelic Scotland*.

B'fhile suntasach é agus stíl an-chomhaimseartha[9] aige. Bhí lé aige[10] riamh lena áit dhúchais agus le nósanna na háite sin, ach bhí sé in ann breith a thabhairt ar an saol sin le súil na haoise nua.

Faillí stáit

Tá tuarascáil déanta ag Coimisinéir Teanga na hÉireann, agus níl sé sásta ar chor ar bith le staid na Gaeilge sa rannóg[11] phoiblí. Níl scéimeanna teanga á mbeartú[12] a thuilleadh chun an teanga a chur chun cinn. Fiú na rudaí a bhí le déanamh de réir na seanscéimeanna níor cuireadh a bhformhór[13] i bhfeidhm.

Anuraidh phléigh[14] Oifig an Choimisinéara Teanga le 734 gearán nua faoi cé chomh deacair is a bhí sé[15] seirbhísí stáit a fháil trí Ghaeilge. Daoine ó áiteanna lasmuigh den Ghaeltacht (ó Bhaile Átha Cliath go háirithe) is mó a rinne gearán.

B'fhéidir go ndéanfaí fiosrú ar an scéal. Is dócha, nuair a rinneadh plean náisiúnta chun an Ghaeilge a chur chun cinn, go raibh na polaiteoirí ag súil le rath nárbh fhéidir a bhaint amach.[16]

An Domhan

Tá níos mó suime á cur sna Alabhaítigh (*Alawites* i mBéarla) de bharr an chogaidh chathartha sa tSiria. D'eascair na hAlabhaítigh ón ngnáth-Ioslamachas[17] fadó.

Níl sna hAlabhaítigh ach 12% de phobal na tíre. Scar siad ó na Siaigh[18] os cionn míle bliain ó shin. *Muintir Nusayr* an t-ainm eile atá orthu, ó ba é Ibn Nusayr an fear a bhunaigh iad san Iaráic sa 9ú

[4] Leòdhas - Lewis

[5] Inse Ghall – the Hebrides

[6] Obar Dheathain - Aberdeen

[7] Ábhar oifigigh – 'officer material'

[8] Rinneadh….de - became

[9] An-chomhaimseartha – very contemporary

[10] Bhí lé aige (le) – he had a partiality (for)

[11] Rannóg - sector

[12] Á mbeartú – being devised

[13] A bhformhór – most of them

[14] Pléigh le – deal with

[15] Cé chomh deacair is a bhí sé – how difficult it was

[16] Nárbh fhéidir a bhaint amach – that it was not possible to achieve

[17] Gnáth-Ioslamachas – conventional Islam

[18] Na Siaigh – the Shiites

haois. Tháinig siad le chéile sna sléibhte ar an gcósta idir an Tuirc agus an Liobáin. D'fhág a lán creideamh nó fealsúnachtai eile a rian orthu.

Tháinig siad faoi anáil[19] an Ghnóisíochais,[20] agus creideann siad gur tháinig abhatáir[21] ó neamh chun eolas a thabhairt don chine daonna. Orthu sin[22] tá Críost, Mahamad Fáidh, Sócraitéas, Plátón, Gailéan agus roinnt maistrí Peirseacha réamh-Ioslamacha.

Tá tábhacht leis an rúndacht i slí bheatha na nAlabhaíteach chun iad féin a chosaint ar an namhaid. Tá rian soiléir na Críostaíochta ar a gcreideamh: mar shampla, tá a bpríomhdheasghnáth[23] (an *Qurban*) an-chosúil leis an Aifreann. Creideann na hAlabhaítigh san athchollúchas:[24] téann anamacha drochdhaoine isteach in ainmhithe salacha agus téann anamacha na bhfíréan[25] isteach i gcorp níos foirfe. Is féidir, ar ndóigh, é seo a mhíniú mar shamhail nó mheafar.

Neartaigh sé sin go léir an dlúthchomhar treibheach[26] a bhí mar bhunús riamh leis an gcumhacht sa Mheán-Oirthear. Le linn na nOtamánach ní raibh sna hAlabhaítigh ach mionlach achrannach. Nuair a shealbhaigh na Francaigh an tSiria tar éis an Chéad Chogadh Domhanda d'éirigh na hAlabhaítigh mór leo ar mhaithe leo féin. Fuair a lán acu oiliúint mhíleata ó na Francaigh. Nuair a bhain an tSiria neamhpleáchas amach sa bhliain 1946 chuaigh mórán Alabhaíteach san arm. Bhí eagla orthu roimh na Sunnaígh,[27] an dream ba mhó sa tír. Tháinig Hafez al-Assad, ofigeach Alabhaíteach, i gcumhacht sa bhliain 1970, agus mac leis, Bashar al-Assad, atá i gcumhacht anois.

Is fada rialtas Assad ag cur lucht freasúra[28] faoi chois,[29] ach bhí sé go maith riamh chun mionlaigh na tíre a chosaint. Mhéadaigh sé sin éagsúlacht chultúrtha na tíre. B'fhéidir nach dtiocfadh an éagsúlcht sin slán ó[30] threascairt an rialtais. Sin é an fáth go bhfuil claonadh ag na mionlaigh seasamh le hAssad.

Is dóigh leis an dá thaobh gur comhrac go himirt anama[31] atá ann. Is é an rialtas an dream is míthrócairí,[32] ach tá rudaí gránna déanta ag an bhfreasúra freisin. Níl gach duine de na hAlabhaítigh tugtha don lámh láidir,[33] ach tá imní orthu.

[19] Tháinig siad faoi anáil – they came under the influence

[20] Gnóisíochas - Gnosticism

[21] Abhatáir - avatars

[22] Orthu sin – among those

[23] Príomhdheasghnáth – main ceremony

[24] Athchollúchas - reincarnation

[25] Anamacha na bhfíréan – the souls of the just

[26] Dlúthchomhar treibheach - clannishness

[27] Na Sunnaigh – the Sunnis

[28] Lucht freasúra – members of the opposition

[29] (Cuir) faoi chois - suppress

[30] (Tar) slán ó – survive

[31] Comhrac go himirt anama – fight to the death

[32] An dream is míthrócairí – the most merciless group

[33] Tugtha don lámh láidir – given to violence